

# TUARASCÁIL AN CHOIMISIÚIN REIFRINN



## Tuarascáil faoi Reifreann

ar an mBille um an 31ú Leasú  
ar an mBunreacht (**Leanaí**) 2012



## Brollach

An 19 Meán Fómhair 2012, bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Coimisiún Reifrinn faoin mBille um an Aonú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí) 2012 trí ordú leis na feidhmeanna a bronnadh air le hAcht an Reifrinn 1998 a fheidhmiú, arna leasú le hAcht an Reifrinn 2001, i leith an reifrinn.

Tar éis dom a bheith ainmnithe ag an bPríomh-Bhreitheamh, rinneadh Cathaoirleach an Choimisiúin díom, agus ba é an ceathrar eile na daoine sonraithe a ceapadh *ex officio*.

Leis seo, de bhun Alt 14(1) d'Acht an Reifrinn 1998, cuirim tuarascáil an Choimisiúin Reifrinn, maidir le feidhmiú a fheidhmeanna i leith an reifrinn ar an mBille um an Aonú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí) 2012, i láthair an Aire.

*M. Finlay Geoghegan*

**Mary Finlay Geoghegan**  
Breitheamh Ard-Chúirte  
Cathaoirleach  
**An Coimisiún Reifrinn**

Bealtaine 2013



[www.refcom.ie](http://www.refcom.ie)



# Clár na nÁbhar

## Caibidil 1 Réamhrá

- Bunú an Choimisiúin Reifrinn
- Ról an Choimisiúin
- Eilimintí d'fheachtas an Choimisiúin
- Taighde tar éis an fheachtais

## Caibidil 2 Príomhthréithe an Reifrinn

- Bille an Reifrinn
- An Vótáil ar an Satharn
- Líon na vótálaithe a tháinig amach

## Caibidil 3 Feachtas Faisnéise an Choimisiúin

- Tábhacht na faisnéise do vótálaithe
- Straitéis an fheachtais fhaisnéise
- An feachtas a chur i ngníomh
- Leabhrán treorach an Rialtais

## Caibidil 4 Taighde tar éis an Fheachtais

- Feasacht
- Tuiscint ar shaincheisteanna an reifrinn
- Cé hiad na daoine nár vótáil?
- Cén fáth nár vótáil daoine?
- Díospóireacht an reifrinn
- Éifeachtacht feachtas an Choimisiúin
- Céard é an fhaisnéis a bhíonn daoine ag iarraidh?

## Caibidil 5 Acmhainní

- Maoiniú an Choimisiúin Reifrinn
- An costas a bhaineann le reifreann

## Caibidil 6 Conclúidí agus Moltaí



# Caibidil 1. Réamhrá

Reáchtáladh an reifreann ar an mBille um an Aonú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí) 2012 an 10 Samhain 2012. Tionscnaíodh an Bille Reifrinn an 17 Meán Fómhair, agus cheadaigh Tithe an Oireachtais é an 3 Deireadh Fómhair. An 8 Deireadh Fómhair, rinne an tAire ordú reachtúil lenar ainmníodh an 10 Samhain mar lá na vótaíochta. Faoi Acht an Reifrinn 1998, gach ócáid go mbíonn reifreann le reachtáil, féadfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Coimisiún Reifrinn a bhunú, faoina rogha féin. I gcás leasú ar an mbunreacht, ní féadfaidh sé amhlaidh a dhéanamh ach ar nó tar éis an dáta a dtionscnófar an Bille i nDáil Éireann.

## Bunú an Choimisiúin Reifrinn

An 19 Meán Fómhair, rinne an tAire ordú bunú lenar bunaíodh Coimisiún Reifrinn. Ghlac Mary Finlay Geoghegan, Uas., Breitheamh de chuid na hArd-Chúirte, leis an ainmniúchan ón bPríomh-Bhreitheamh le gníomhú mar Chathaoirleach an Choimisiúin Reifrinn. De réir an dlí, ní mór do Chathaoirleach an Choimisiúin a bheith ina (h)iarbhreitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí nó na hArd-Chúirte nó a bheith i mbun oibre mar bhreitheamh de chuid na hArd-Chúirte.

Comhaltaí *ex officio* is ea comhaltaí eile an Choimisiúin. B'iad seo a leanas na comhaltaí sin:

- An tUasal Kieran Coughlan, Cléireach Dháil Éireann
- Deirdre Lane, Uas., Cléireach Sheanad Éireann
- Emily O'Reilly, Uas., Ombudsman
- An tUasal Séamus McCarthy, Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Deonaítear leis an dlí don Choimisiún cibé cumhachtaí is gá nó fóirsteanach chun a fheidhmeanna a fheidhmiú. Ní mór don Choimisiún tuairisciú chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil faoi mar a feidhmíodh a chuid feidhmeanna, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis lá na vótaíochta agus díscaoilfear an Coimisiún mí amháin tar éis dó a thuarascáil a chur isteach.

## Ról an Choimisiúin

Is iad seo a leanas feidhmeanna príomhúla an Choimisiúin de bhun reachta –

- » ráiteas amháin nó níos mó a ullmhú, ina mbeidh míniú ginearálta ar ábhar an togra agus ar théacs an togra sa Bhille ábhartha chomh maith le haon fhaisnéis eile is cuí leis an gCoimisiún agus a bhaineann leis na nithe sin;
- » na ráitis sin a fhoilsiú agus a dháileadh ar cibé bealach agus ar cibé meán lena n-áirítear meáin teilifíse, raidió agus meáin leictreonacha eile is dóichí leis an gCoimisiún a tharraingeoidh aird na dtoghthóirí ar na ráitis sin agus a chinntiú, oiread agus a bheidh indéanta, go gcumasóidh na meáin a úsáidfear dóibh siúd atá faoi mhíchumas amhairc nó éisteachta, na ráitis atá i gceist a léamh nó a chloisteáil;
- » feasacht an phobail ar an reifreann a chur chun cinn agus na toghthóirí a spreagadh chun vótáil lá na vótaíochta.

## Eilimintí d'Fheachtas an Choimisiúin

Rinne an Coimisiún an cinneadh gur leabhrán treorach prontáilte a dhéanfadh príomheilimint a fheachtais, lena míneofaí eilimintí lárnacha thogra an reifrinn. Dáileadh é ar gach teaghlach sa Stát agus foilsíodh ar shuíomh idirlín an Choimisiúin é freisin, in éineacht le hábhar breise cúlra agus míniúcháin.

Reachtáil an Coimisiún feachtas fógraíochta forleathan ar an teilifís, raidió, i gcló, lasmuigh agus ar an idirlíon. Díriodh go príomha ar an reifreann a bheith ag tarlú



agus ar thábhacht an reifrinn agus ar dhaoine a spreagadh le vótáil. Thairfead an Coimisiún ábhar saorchraolta don raidió agus teilifís freisin, lenar tugadh míniú ar an togra agus chraol gach stáisiún raidió agus teilifíse náisiúnta, áitiúil agus pobail é.

## Taighde tar éis an fheachtais

D'fhostaigh an Coimisiún seirbhísí cuideachta neamhspleáiche a dhéanann taighde ar mhargáí chun tionscadal taighde substaintiúil ar vótálaithe a reáchtáil tar éis críochna bheith curtha leis an bhfeachtas. Bhain dhá eilimint leis an tionscadal taighde:

- » taighde chainníoch a raibh pobalbhreith náisiúnta i gceist leis lena ndearnadh an tuiscint ar an reifreann a thomhas, chomh maith le cúiseanna nár vótáil daoine, agus a éifeachtaí is a chonacthas do dhaoine go raibh an chumarsáid ón gCoimisiún;
- » taighde cáilithíoch trí ghrúpaí fócais de vótálaithe, lena ndearnadh anailís níos doimhne ar na fachtóirí a spreag is a chuaigh i bhfeidhm ar dhaoine a vótáil agus orthu siúd nár vótáil, agus ar an ról a d'imir feachtas an Choimisiúin sa chomhthéacs seo agus tugadh súil níos grinne freisin ar eilimintí de straitéis chumarsáide an Choimisiúin ar dócha gurbh iad na heilimintí is éifeachtaí i bheadh i gceist i bhfeachtais fhaisnéise amach anseo.

Leagtar amach torthaí an taighde a rinneadh tar éis an fheachtais níos déanaí sa tuarascáil seo agus tá siad ar fáil ina n-iomláine ar shuíomh idirlín an Choimisiúin.



Tá tuairiscí iomlána an taighde le fáil ag [www.refcom.ie/en/Past-Referendums/The-Children-Referendum](http://www.refcom.ie/en/Past-Referendums/The-Children-Referendum)



# Caibidil 2. Príomhthréithe an Reifrinn

## Bille an Reifrinn

Tugadh an reachtaíocht faoinar tharla an reifreann isteach i dThithe an Oireachtais an 17 Meán Fómhair 2012, agus ritheadh é an 3 Deireadh Fómhair – tréimhse beagán níos faide ná coicís. Is féidir sin a chur i gcomparáid le tréimhsí idir aon seachtain amháin agus 11 seachtain lenar ritheadh na seacht mBille roimhe seo um leasuithe ar an mbunreacht trí Thithe an Oireachtais.

De réir an dlí, nuair a rithfidh dhá Theach an Oireachtais Bille ina bhfuil togra leis an mBunreacht a leasú, ní mór don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ordú a dhéanamh lena gceapfar lá vótaíochta tráth nach giorra ná tríocha lá agus nach faide ná nócha lá tar éis dháta an ordaithe. An 8 Deireadh Fómhair, rinne an tAire ordú lenar ceapadh Dé Sathairn an 10 Samhain 2012 mar lá na vótaíochta, .i., 33 lá tar éis don ordú a bheith déanta.

## An Vótáil ar an Satharn

Rinne an Rialtas cinneadh go mbeadh lá na vótaíochta ar Shatharn seachas ar lá i rith na seachtaine oibre. Bhí roinnt díospóireachta ann maidir le cibé acu an bhfágfadh sé sin go mbeadh sé níos éasca nó níos deacra ag daoine vótáil. I dtaighde an Choimisiúin a rinneadh tar éis an fheachtais, dúirt 69% nach ndearna sé difríocht ar bith, 16% gur fhág sé go raibh sé níos éasca acu vótáil agus 15% go raibh sé níos deacra.

## Líon na Vótálaithe a tháinig amach


Ag 33.5%, ba é líon na vótálaithe a tháinig amach don Reifreann Leanáí an líon vótálaithe ab ísle dár tháinig amach ón tráth sular bunaíodh an chéad Choimisiún Reifrinn reachtúil i 1998 agus i measc an líon vótálaithe is ísle dár tháinig amach le haghaidh aon reifrinn ar an mbunreacht ó achtaíodh an Bunreacht i 1937 (feach Figiúr 1).

Ní leis an Reifrinn Leanáí amháin a bhaineann an fhadhb ó thaobh líon íseal vótálaithe a bheith ag teacht amach, ná go deimhin le hÉirinn mar thír. Dá aineoinn sin, mura vótálfadh ach duine as gach triúr vótálaithe sa bhallóid faoi thogra leis an mBunreacht a athrú, is líon fíoríseal ar fad é sin. Is é daoine a spreagadh le vótáil ceann de phríomhfheidhmeanna an Choimisiúin Reifrinn. Dá réir sin, tá an patrún ó thaobh líon íseal vótálaithe a bheith ag teacht amach ina údar imní.

In aon fheachtas reifrinn, ní bhíonn i bhfeachtas faisnéise an Choimisiúin ach ceann den iomaí fachtóir a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le líon na vótálaithe a thiocfaidh amach ar deireadh. Áirítear iad seo a leanas i measc na bpríomheilimintí eile: leibhéal feasachta an phobail ar an togra reifrinn, na cineálacha feachtas ar son agus i gcoinne an togra agus caighdeán na díospóireachta poiblí maidir leis na saincheisteanna.

Má reachtáiltear toghcháin eile ar an lá céanna, d'fhéadfadh sin líon na vótálaithe a thiocfaidh amach a mhéadú freisin.

Figiúr 1: Céatadán na Vótálaithe a tháinig amach le haghaidh gach reifreann, 1998 go 2012





# Caibidil 3. Feachtas Faisnéise an Choimisiúin

## Tábhacht na faisnéise do vótálaithe

Caithfidh faisnéis, a mhaoinítear ó chistí poiblí, faoi reifreann a bheith cothrom, comhionann, neamhchlaonta agus neodrach. Mura mbeidh bealach ag vótálaithe le teacht ar an bhfaisnéis sin go héasca tráthúil, tá seans ann go mothóidh siad nach bhfuil siad curtha ar an eolas mar is ceart faoi thogra an reifrinn agus b'fhéidir go gcuirfidh sé sin ó vótáil iad. Léirítear le taighde a rinne an Coimisiún seo agus Coimisiúin eile roimhe go mbíonn gaol díreach láidir ann idir leibhéal na tuisceana ar thogra reifrinn agus an claonadh a bhíonn ag daoine le vótáil.

Bíonn sé tábhachtach freisin go mbeidh an fhaisnéis a sholáthrófar do vótálaithe a inrochtana agus is féidir; tógann sé am faisnéis dá leithéid a ullmhú agus a scaipeadh agus ní mór machnamh agus pleanáil a dhéanamh go cúramach lena aghaidh.

## Straitéis an fheachtais faisnéise

Ceanglaítear leis an dlí ar an gCoimisiún 'míniú ginearálta' a thabhairt faoi thogra an reifrinn. Is go príomha sa leabhrán treorach a dáileadh ar gach teachtlach a bhí an míniú ginearálta sin. Foilsíodh ar shuíomh idirlín an Choimisiúin é freisin, in éineacht le faisnéis chúlra bhreise a d'fhéadfadh a bheith ina húdar spéise nó ina cúnaimh do roinnt vótálaithe.

D'ullmhaigh an Coimisiún feachtas fógraíochta substaintiúil freisin ar an teilifís, ar an raidió, i gcló, ar an idirlíon agus lasmuigh agus é ag iarraidh a shainchúram a chomhlíonadh. I gcoitinne, ghlac an Coimisiún leis an gcomhairle gurb éifeachtaí fógraíocht nuair a chuirtear teachtaireachtaí simplí i láthair, mar sin, níor fhéach an Coimisiún le húsáid a bhaint as an bhfógraíocht le mionsonraí an togra a mhíniú. Ina áit sin, bhain an Coimisiún úsáid as fógraíocht chun insint do vótálaithe go bhféadfaidís níos mó faisnéise a fháil ón leabhrán treorach nó óna shuíomh idirlín agus, chun féachaint lena fheidhmeanna eile a fheidhmiú – mar atá, a bheith ag cur le feachtas ar an reifreann agus daoine a spreagadh le vótáil.

De réir an dlí, bíonn an Coimisiún i dteideal am craolta saor in aisce a fháil ó stáisiún raidió agus teilifíse an Stáit. Don chuid is mó den fheachtas, bhain an Coimisiún úsáid as an seo chun fógráin a mhair 2 nóiméad a chraoladh lenar míniú príomhphointí thogra an reifrinn. I dtreo dheireadh an fheachtais ar fhorhmór na stáisiún, d'fhág an Coimisiún na craoltaí sin i leataobh agus chuir teachtaireachtaí gearra, a mhair 10 soicind, ina n-áit lena rabhthas ag tathant ar dhaoine vótáil.

D'fhéach an Coimisiún le hidirghníomhú leis an bpobal trí na meáin freisin. Reáchtáil sé preasócáid náisiúnta

chun a fheachtas a sheoladh agus is iomaí tuairisc a rinneadh air sin sna meáin. Rinne an Cathaoirleach roinnt agallamh náisiúnta raidió agus teilifíse, agus bhí sraith d'agallamh faisnéise le clár Morning Ireland de chuid RTÉ ina n-ábhar suntais ar leith, agus d'fhreagair an Cathaoirleach ceisteanna maidir le hábhar thogra an reifrinn lena linn sin. Cuireadh agallamh ar urlabhraithe eile de chuid an Choimisiúin ar bhreis is 20 stáisiún raidió náisiúnta agus réigiúnach timpeall an Stáit lenar mhínigh siad togra an reifrinn agus lenar spreag siad daoine le vótáil. D'eisigh an Coimisiún preasráitis chuig nuachtáin áitiúla timpeall an Stáit freisin lenar tarraingíodh aird ar an leabhrán treorach agus ar an suíomh idirlín, agus lenar spreagadh daoine le vótáil.

Agus an líon níos lú de vótálaithe óga a thagann amach go traidisiúnta le vótáil ar ár n-aighe, chuir an Coimisiún feidhmchlár 'aip' ar bun ar Facebook lenar cuireadh ar chumas daoine clár a dtoghthóirí a sheiceáil roimh an dáta a gcuirfí clabhsúr leis, agus na foirmeacha a íoslódáil más ea go raibh siad ag teastáil go gcuirfí duine ar an gclár go déanach. Tarraingíodh aird ar an áis seo le feachtas fógraíochta ar leith ar an idirlíon. Bhí an Coimisiún ar Twitter freisin agus bhain úsáid as le haird a tharraingt ar a chuid foilseachán agus le daoine a spreagadh le vótáil.

Bhí roinnt forbairtí nuálacha i gceist leis an reifreann seo. Go luath san fheachtas, scríobh Cathaoirleach an Choimisiúin chuig gach craoltóir á iarraidh orthu an ndéanfaidís méid an ama a leithdháilfeadh siad ar ábhar saorchraolta an Choimisiúin a dhúbláil. Rinne sí é seo tar éis gur léir nach mbeadh an clúdach sna meáin ar an díospóireacht faoin Reifreann Leanáil chomh forleathan is a bhí i reifrinn roimhe seo, agus go bhféadfaidh sé sin laghdú a dhéanamh ar fheachtas an phobail ar an reifreann agus mar sin, ar líon na vótálaithe a thiocfadh amach. Freagairt dearfach, den



chuid is mó, a fuarthas ó na craoltóirí Stáit agus san earnáil phríobháideach, agus tá an Coimisiún bhuíoch díobh as sin.

Le linn na díospóireachta le Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann faoin tsaincheist seo, tháinig tairiscint chun cinn, le linn an dhá lá deiridh den fheachtas, go dtabharfaí an t-am a thabharfaí do na craoltaí fada saorchraolta faisnéise do 'stoingeanna' gearra ina n-áit a mhairfeadh 10 soicind agus ina mbeadh teachtaireachtaí lena mbeifí ag tathant ar dhaoine vótáil. Taifeadadh na stoingeanna sin go déanach san fheachtas gan mórán fógra roimh ré dúinn féin agus chuaigh siad amach ar beagnach na stáisiúin go léir. Arís, tá an Coimisiún buíoch de na craoltóirí as a rannchuidiú leis an smaoineamh seo a fhorbairt agus as ucht a gcuid oibre lena chinntiú gur craoladh na teachtaireachtaí seo.

Thug an Coimisiún brú ar leith ag deireadh an fheachtais freisin ag spreagadh daoine le vótáil. Rinne an Cathaoirleach roinnt agallamh deiridh a craoladh le vótálaithe a spreagadh le teacht amach. Cheannaigh an Coimisiún méid spáis nach beag ar shuíomhanna idirlín ar ghnáth le vótálaithe óga breathnú orthu le linn an 48 uair a chloig deiridh.

## An feachtas a chur i ngníomh

Teorannaíodh an t-am a bhí ar fáil don Choimisiún lena fheachtas faisnéise a dhearadh agus a chur i ngníomh toisc gur socraíodh lá na vótaíochta díreach seacht seachtain go leith tar éis bhunú an Choimisiúin. Bíonn srianta fisiciúla i gceist ó thaobh an mhéid ama is lú a theastaíonn le hábhair fhaisnéise a phriontáil agus a dháileadh i bhfoirm cruachóipe, agus le hábhar craolta a ullmhú. Ionas go mbeadh dóthain ama ag faighteoirí an ábhair chlóite lena machnamh a dhéanamh ar an bhfaisnéis, d'fhág sin gur brúdh an obair maidir le taighde, dréachtú, athbhreithniú agus aistriú ábhar an leabhráin threoraigh go Gaeilge, ar fad isteach sa chéad dhá sheachtain dá raibh Choimisiún ar an saol. Bhí orainn na feachtais chraolta agus fhógraíochta a thabhairt chun críche faoi cheann seachtain eile. Má bhreathnaítear ar dhea-chleachtais, tugtar le fios go mbeifí ag pleanáil agus ag forbairt feachtais faisnéise poiblí casta, ar an scála a bhí i gceist, in imeacht tréimhse dhá go trí mhí mar is gnáth, agus go ndéanfaí an t-ábhar a thástáil go dian chun a éifeachtacht a mhéadú oiread agus is féidir. Mar gheall ar an méid ama a bhí ar fáil d'fheachtas faisnéise an Reifrinn Leanaí, ní raibh rogha na tástála sin ar fáil dúinn.

Déantar achoimre ar cuid de na príomhimeachtaí san fhechtas i bhfígiúr 2.

## Leabhrán treorach an Rialtais

Dháil an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige leabhrán treorach ar leith maidir le togra an reifrinn. Bhí i bhfad níos mó ama acusan lena gcuid ábhar a ullmhú.

Nuair a fhoilsítear dhá leabhrán threoracha ó fhoinsí Stáit, bíonn an baol ann go mbeidh mearbhall ar vótálaithe agus chuir sé ualach breise ar vótálaithe a bhí ag iarraidh an togra reifrinn a thuiscint. Chiollaigh sé fosta gur dúblaíodh iarrachtaí an Choimisiúin, gan trácht ar an gcostas breise a bhí i gceist.

Le linn an fheachtais, lorg saoránach dearbhú ón Ard-Chúirt nach raibh an Rialtas i dteideal úsáid a bhaint as airgead poiblí lena leabhrán treorach, a shuíomh idirlín agus a fheachtas fógraíochta faoin reifreann a mhaoiniú, toisc gur dearadh an feachtas sin le vóta Tá a chur chun cinn, gurbh é sin an cuspóir a bhí leis an bhfeachtas, agus gur dócha go gcuirfeadh sé vóta Tá chun cinn. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt dá chás ach sheas an Chúirt Uachtarach le hachomharc a rinne an t-iarratasóir, á rá gur ghníomhaigh páirtithe an Stáit agus iad ag sárú an phrionsabail go gcaithfeadh foilseachán a mhaoineofaí le hairgead poiblí faoin reifreann a bheith cothrom, comhionann, neamhchlaonta agus neodrach.







Figiúr 2: Achoimre ar phríomhimeachtaí sa Dialann

MF	Imeacht de chuid an Choimisiúin	Imeacht de chuid an Reifrinn
17		◀ Tionscnaíodh an Bille Reifrinn
18		
19	◀ Bunaíodh an Coimisiún Reifrinn	
20		
21	◀ Chéad Chruinniú an Choimisiúin	
22		
23		
24	◀ Cruinniú de chuid an Choimisiúin	
25		
26		
27		
28		
29		
30		
<b>DF</b>		
1	◀ Cruinniú de chuid an Choimisiúin	
2		
3		◀ Cheadaigh Tithe an Oireachtais Bille an Reifrinn
4	◀ Tosaíodh ar an leabhrán treorach a phriontáil	
5	◀ Cruinniú de chuid an Choimisiúin	
6		
7		
8		◀ Socraíodh lá na vótaíochta
9	◀ Seoladh an leabhrán treorach/feachtas sna meáin	
10	◀ Cruinniú de chuid an Choimisiúin	◀ Eisíodh leabhrán treorach an Rialtais/tosáíodh ar a sheachadadh
11		
12	◀ Seachadadh na leabhráin threoracha chuig An Post	
13		
14		
15	◀ Tosaíodh ar na leabhráin threoracha a dháileadh tríd an bpost ◀ Cruinniú de chuid an Choimisiúin	
16		
17		
18		
19		
20		
21		
22		
23		
24		
25		
26	◀ Cruinniú de chuid an Choimisiúin	
27		
28		
29		
30		
31		
<b>Samh</b>		
1		
2		
3		
4		
5	◀ Cruinniú de chuid an Choimisiúin	
6		
7		
8		
9		
10		◀ Lá na vótaíochta
11		◀ Fógraíodh toradh an Reifrinn



## Caibidil 4. Taighde tar éis an fheachtais

Chinn an Coimisiún go dtabharfadh sé faoi dhiantaighde tar éis an fheachtais d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar ar spreag daoine le vótáil nó gan vótáil, chomh maith le tuiscint ar éifeachtacht éilimintí éagsúla a fheachtais faisnéise poiblí féin. Ba é príomhchuspóir an Choimisiúin léargais a sholáthar d'aon Choimisiún Reifrinn ina dhiaidh sa chaoi gur fearr a d'fhéadfadh sé a fheachtas faisnéise poiblí féin a phleanáil. D'fhéadfadh torthaí an taighde a bheith úsáideach do dhaoine eile freisin áfach a bhfuil suim acu i bpróiseas reifrinn na hÉireann.

Déanaimid achoimre anseo ar thorthaí an taighde faoi theidil théamaí. Tá tuairiscí iomlána an taighde le fáil ag [www.refcom.ie/en/Past-Referendums/The-Children-Referendum](http://www.refcom.ie/en/Past-Referendums/The-Children-Referendum)

### Feasacht

Cuireadh tús leis an taighde cainníoch ar shampla 2000 vótálaí deich lá tar éis lá na vótaíochta agus taispeánadh go raibh beagnach gach uile duine de na freagróirí (97%) ar an eolas gur tharla an reifreann.


### Tuiscint ar Shaincheisteanna an Reifrinn

Dúirt 41% nár thuig siad an reifreann rómhaith, nó nár thuig siad ar chor ar bith é. Dúirt 34% gur thuig siad an-mhaith nó sách maith é, agus dúirt 23% go raibh tuiscint éigin acu air.

Bhí leibhéal na tuisceana a dúirt daoine a bhí acu ar an Reifreann níos airde ná a bhfuarthas sa taighde tar éis na reifreann ar an gConradh um Chobhsaíocht Fhioscach agus Fiosruithe Thithe an Oireachtais, ach níos ísle ná an leibhéal tuisceana a dúirt daoine a bhí acu ar an reifreann um Thuarastal Breithiúna. (Féach Figiúr 3.)

Figiúr 3: Leibhéal na Tuisceana ar na Reifrinn: 2011 & 2012

Bonn: Gach vótálaí incháilithe (gan líon beag freagairtí 'níl a fhios agam' san áireamh)



Mhóthaigh 57% gur thuig siad an Reifreann Leanaí, níos airde ná mar a bhí i gceist i gcás an Chonartha um Chobhsaíocht Fhioscach agus Fiosruithe Thithe an Oireachtais, ach beagán níos ísle ná an Reifreann um Thuarastal Breithiúna.



## Cé hiad na daoine nár vótáil?

Dúirt 50% d'fhreagróirí gur vótáil siad agus dúirt 50% nár vótáil. Le fírinne, faoi mar a léiríonn an figiúr maidir le líon na ndaoine a tháinig amach, níor vótáil 66.51%.

Taispeánann anailís orthu siúd a dúirt nár vótáil siad go bhfuil difríochtaí suntasacha idir aoisghrúpaí agus aicmí sóisialta, agus gan an oiread difríochta idir na réigiúin éagsúla. Laistigh de ghrúpa na ndaoine idir 18-24, dúirt 74% nár vótáil siad, agus i measc daoine os cionn 50 bliain d'aois, is é díreach 39% a mhaígh gur staon siad ón vótáil. I measc daoine atá níos fearr as in aicme ABC1, dúirt 42% nár vótáil siad agus i measc na ndaoine nach bhfuil chomh maith sin as in aicme C2DE, is 55% a bhí i gceist, agus 53% i measc feirmeoirí. Ba i mBaile Átha Cliath a tháinig an líon is mó daoine amach, de réir na ráiteas, 54%, agus is i gConnacht/Uladh a tháinig an líon ab ísle amach, 43%. Bíonn na leibhéil vótála beagán níos airde i limistéir uirbeacha ná mar a bhíonn i limistéir tuaithe.

Cé go bhfuil líon na ndaoine a mhaíonn gur tháinig siad amach le vótáil níos airde ná líon na ndaoine a tháinig amach i ndáiríre, léirítear roinnt conclúidí an-soiléir leis an taighde: bíonn an fhadhb ó thaobh líon íseal daoine a bheith ag vótáil níos suntasaí i measc vótálaithe níos óige, vótálaithe nach bhfuil chomh maith as, agus go pointe, i measc vótálaithe tuaithe. Bhí an Coimisiún seo agus Coimisiúin roimhe ar an eolas faoin bpatrún seo, agus thug siad aird ar leith ar fhaisnéis a dhíríú ar na grúpaí seo as a dtagann líon níos ísle daoine amach le vótáil. Dá aineoinn sin, léiríonn an taighde tar éis an fheachtais go bhfuil an fhadhb fós ann.

## Cén fáth nár vótáil daoine?

Chuir na taighdeoirí ceist orthu siúd ar fad a dúirt nár vótáil siad cén fáth nach ndearna siad amhlaidh. Ba é an chúis ba choitianta a tugadh – ó 26% – ná nach bhfuair siad seans vótáil ar chúis éigin, nach raibh siad in ann dul chuig an stáisiún vótála mar gheall ar chúinsí a bhí i gceist dóibh ag an am. Dúirt 19% eile nach raibh spéis ar bith acu ann agus ba chuma leo faoi bheith ag vótáil.

Ach dúirt 34% d'fhreagróirí áfach nár vótáil siad toisc nár thuig siad an reifreann nó toisc nach raibh dóthain ar eolas acu faoi. Tá an figiúr sin gar don 31% a thug na cúiseanna seo i dtaighde an Choimisiúin tar éis reifreann 2012 maidir leis an gConradh um Chobhsaíocht Fhioscach. Bhí an figiúr i bhfad níos ísle do reifrinn 2011 maidir le Fiosruithe Thithe an Oireachtais (9%) agus Tuarastal Breithiúna (7%).

Tá toradh atá ina údar iontais ceangailte leis seo – is é sin go bhfuil gaol díreach láidir idir leibhéal na tuisceana ar thogra an reifrinn agus an claonadh ag daoine le vótáil. As a measc siúd a dúirt gur vótáil siad, dúirt 76% gur thuig siad an togra go maith. As a measc siúd nár vótáil, thuig díreach 24% go maith é.

Leis an taighde cáilithíoch a rinneadh le grúpaí fócais thar ceann an Choimisiúin, aithníodh roinnt fachtóirí eile a chonacthas mar fhachtóirí suntasacha ó thaobh chinneadh vótálaithe cibé acu an vótálfaidís. Ceann de na fachtóirí sin ab ea cibé acu ar thogra é dar leo a raibh baint phearsanta acusan leis; ceann eile ab ea cibé acu an bhféadfaí a rá go raibh toradh an reifrinn soiléir ó thús an fheachtais. Fachtóirí buntábhachtacha eile a chuaigh i bhfeidhm ar dhaoine agus iad ag cinneadh cibé acu an vótálfaidís agus conas, ab ea méid na faisnéise míniúcháin a bhí ar fáil, soiléire agus simplíocht na faisnéise sin, agus go háirithe caighdeán agus méid an chládaigh sna meáin ar an díospóireacht faoin reifreann.



## Díospóireacht an reifrinn

Cé go bhfuil ról ag an gCoimisiún san obair ó thaobh tuiscint ar thogra reifrinn a chur chun cinn, níl aon ról aige ó thaobh díospóireacht a chur chun cinn idir thaobh Níl agus Tá. Chinn an Coimisiún dá aineoinn sin leis na dearcaí a bhí ag vótálaithe ar leibhéal agus ar chaighdeán na díospóireachta a mheas.

I ndáil leis an Reifreann Leanaí, mhothaigh 51% nach raibh an oiread díospóireachta ann agus ba ghnáth agus mhothaigh díreach 12% go raibh níos mó díospóireachta ann ná ba ghnáth. Mhothaigh beagnach leath na vótálaithe nach raibh an oiread díospóireachta ginearálta ann i measc a dteaghlai agus a gcairde faoin reifreann seo ná ba ghnáth. Is ábhar suntais gur mhothaigh 53% nár chuir ceachtar taobh argóintí soiléire nó cothrom chun cinn. Mhothaigh an ceathrú cuid de vótálaithe nach raibh go leor ama acu le machnamh a dhéanamh ar an togra sula raibh orthu vótáil.

## Éifeachtacht fheachtas an Choimisiúin

Tá leabhrán treorach clóite táirgthe ag gach Coimisiún Reifrinn roimhe seo le dáileadh go náisiúnta. D'fhéach an Coimisiún seo le measúnú a dhéanamh arís, cibé acu, ar na saolta digiteacha seo, an bealach costéifeachtach é, leabhrán treorach faisnéise clóite maidir le togra reifrinn, le bheith ag féachaint le vótálaithe a chur ar an eolas i ndáil le togra reifrinn. Léiríodh le torthaí an taighde seo gur léigh 72% cuid den Leabhrán Treorach ar a laghad agus dúirt 26% gur léigh siad an leabhrán treorach ar fad nó an chuid is mó de. Tagann sé seo le taighde a rinneadh tar éis reifreann eile a réachtáladh le déanaí agus tugann le fios, cé go mbíonn an-chuid téacs sa leabhrán treorach mar gheall ar a mbíonn le míniú, gur luachmhar an áis é dá aineoinn sin do an-chuid vótálaithe. Tacaíonn an taighde cáilithíoch le tábhacht leabhráin threoraigh chlóite san fheachtas faisnéise.

Nuair a taispeánadh an fógrán teilifíse a d'úsáid an Coimisiún, bhí cuimhne ag 75% de vótálaithe air. Breathnaítear air seo mar leibhéal sláintiúil cuimhne i gcomhthéacs feachtas fhógraíochta chomh gearr is a bhí, agus is airde an figiúr sin ná na leibhéil chuimhne do na fógráin teilifíse i ndáil leis an reifreann maidir le Cobhsaíocht Fhioscach agus iad siúd ar Fhiosruithe Thithe an Oireachtais agus Tuarastal Breithiúna freisin. D'aontaigh 75% go raibh an fógrán éifeachtach ó thaobh daoine a chur ar an eolas go raibh reifreann ar tí tarlú, d'aontaigh 67% gur spreag sé daoine le vótáil sa reifreann agus d'aontaigh 59% go raibh sé éifeachtach ó thaobh daoine a spreagadh le níos mó a fháil amach faoin reifreann.

Ní raibh cuimhne chomh maith ag daoine ar na fógráin faisnéise saorchraolta níos faide a mhair 90 soicind ar an raidió agus teilifíse. Ó thaobh na bhfógrán raidió, bhí líon na ndaoine a raibh cuimhne acu air combhionann le líon na ndaoine nach raibh. I ndáil leis na fógráin teilifíse, ní raibh cuimhne ag 54% de dhaoine air, ach b'fhéidir gurbh é an cúis sin toisc nár craoladh chomh minic é ar chor ar bith i gcomparáid leis an bhfógrán a bhí níos giorra. As a measc siúd a chuala na fógráin, chreid ceathrar as gach cúigear a chuala na craoltaí go raibh siad sách éifeachtach ó thaobh an reifreann a mhíniú, cé gur dheacair freisin ag 38% (raidió) agus 41% (teilifís) na fógráin sin a leanúint agus dar leo go raibh siad cuíosach fada.

## Céard é an fhaisnéis a bhíonn daoine ag iarraidh?

Dearbhaítear leis an taighde go mbíonn vótálaithe ag iarraidh faisnéise neamhchlaonta. Dúirt beagnach 90% de vótálaithe gur rud an-tábhachtach leo is ea é sin nó gur rud cuíosach tábhachtach is ea é. Tacaíonn an t-aiseolas ó na grúpaí fócais go láidir leis seo, agus tháinig dearcadh chun cinn go raibh ról an Choimisiúin Reifrinn ó thaobh faisnéis neodrach a chur in iúl, an-tábhachtach.



# Caibidil 5. Acmhainní

## Maoiniú an Choimisiúin Reifrinn

Leithdháil an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige buiséad €1.9 milliún ar an gCoimisiún. Is féidir sin a chur i gcomparáid le buiséad €5 milliún a bhí ag an gCoimisiún don chéad fheachtas maidir le Reifreann Liospóin, €4.2 milliún don dara feachtas maidir le Reifreann Liospóin agus €2.2 milliún don reifreann maidir leis an gConradh um Chobhsaíocht Fhioscach.

Ba é €1.706 milliún an caiteachas foriomlán, arna mhiondealú de réir mar a léirítear i bhFigiúr 4.

Figiúr 4: Caiteachas ar an bhFeachtas Faisnéise	€000
Fógraíocht	879
Foilseacháin a phriontáil & a dhearadh	306
Costais phostais & costais dáileacháin eile	195
Preas & ábhar eile le feachtas an phobail a chur chun cinn	177
Costais riaracháin eile	102
Costais Dí	47
Caiteachas iomlán	1,706
Buiséad tosaigh	1,900
Iarmhéid a tugadh ar ais	194

Táthar tar éis iarmhéid €0.194 milliún nár caitheadh a thabhairt ar ais don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.





## An costas a bhaineann le reifreann

I gcás gnáthreifrinn a reáchtáiltear as féin, gan vóta eile a bheith i gceist, cibé reifreann eile nó toghchán náisiúnta, cosnaíonn sé thart faoi €15 milliún. Tagann formhór na suime sin de bharr an costas a bhaineann leis an vótaíocht agus an comhaireamh a rith. Níl na costais deiridh a bhain leis an Reifreann Leanaí ar fáil fós, ach b'fhéidir gur lú ná an tsuim seo iad mar gheall ar na huaireanta vótaíochta níos giorra a bhí i gceist agus mar gheall ar an laghdú a rinneadh ar líon na stáisiún vótaíochta.

Le cois an €1.9 milliún a leithdháileadh ar an gCoimisiún Reifrinn dá fheachtas faisnéise, d'úsáid an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige €1.1 milliún eile "chun faisnéis a sholáthar faoin reifreann agus an pobal a spreagadh le vótáil". Caitheadh beagnach €0.4 milliún den tsuim seo ar leabhrán faisnéise na Roinne a dhearadh, a phriontáil agus a dháileadh, agus caitheadh €0.48 milliún ar chostais fógraíochta agus idirlín.

## Próiseas Faighte Seirbhísí

Ní aonán leanúnach ar chor ar bith é an Coimisiún Reifrinn ó thaobh an dlí de agus ní thagann sé ar an saol ach amháin nuair a bhunaítear trí Ordú ó Aire é. Ní féidir cinntí faoi earraí agus seirbhísí a fháil don fheachtas faisnéise ach tar éis don Choimisiún teacht ar an saol. Ciallaíonn an tréimhse ghearr ama a bhíonn ar fáil don fheachtas nach féidir tabhairt faoi phróisis iomlán nua chun sheirbhísí agus earraí a fháil le haghaidh gach feachtais.

I mí Lúnasa/Meáin Fómhair 2011, reáchtáladh comórtas poiblí maidir le seirbhísí margaíochta/bainistíochta tionscadail/sainchomhairle cumarsáide a sholáthar don Choimisiún Reifrinn a bhí ann an tráth sin. Tugadh le fios le caipéisí na tairisceana go bhféadfadh Coimisiúin ina dhiaidh, ar a gcomhairle féin, conradh/conarthaí breise a bhronnadh le haghaidh na seirbhísí céanna dá teastódh iad do reifreann/reifrinn eile a reáchtálfai faoi cheann trí bliana síniú an conradh. Tar éis dó a bheith curtha ar bun i mí Mheáin Fómhair 2012, chinn an Coimisiún Reifrinn leas a bhaint as an rogha sin don Reifreann Leanaí.

Tar eis próisis soláthair oscailte a reáchtáladh i mí an Mhárta/Aibreáin 2012, bronnadh an conradh le leabhrán treorach an Choimisiúin maidir leis an reifreann um Chobhsaíocht Fhioscach a dháileadh ar An Post. Sa chomórtas tairisceana don tseirbhís sin, tugadh le fios go bhféadfadh aon Choimisiún ina dhiaidh, ar a chomhairle féin, conradh a bhronnadh sa tréimhse chomh fada le deireadh 2014 ar an

soláthraí seirbhíse a roghnaíodh i leith an reifrinn um Cobhsaíocht Fhioscach. Tar éis dó a bheith bunaithe i mí Mheáin Fómhair 2012, chinn an Coimisiún Reifrinn leas a bhaint as an rogha leis An Post a choinneáil chun a Leabhrán Treorach a sheachadadh.

Faoi mar a tharla i bhfeachtais eile le déanaí, chinn an Coimisiún, ar fhorais a bhain le costais, an leabhrán treorach a sheachadadh chuig gach áit chónaithe trí Sheirbhís Poiblíochta Poist de chuid An Post seachas úsáid a bhaint as an modh, a bheadh níos costaisí, lena ndéanfaí cóip den leabhrán treorach a sheoladh, faoina (h)ainm féin, chuig vótálaithe aonair a bhí ar chlár na dtoghthóirí.

## Buíochas

Tá an Coimisiún go mór faoi comaoin ag a chuid soláthraithe seirbhíse as cabhrú leis raon leathan tascanna a chur i gcrích agus srianta ama an-dúshlánach i gceist. Tá buíochas tuillte ag na meáin chraolta éagsúla agus ag an bpreas náisiúnta freisin as comhoibriú go gníomhach leis an gCoimisiún.

Mar shainchomhairleoir margaíochta/cumarsáide don Choimisiún, d'imir Murray Consultants, agus go háirithe an tUas. Mark Brennock agus Aoibheann O'Sullivan, Uas., ról fíorthábhachtach ar fad san obair lena chinntiú gur comhlíonadh na sraitheanna éagsúla den fheachtas in am agus ar bhealach comhordaithe. Tháinig an ghníomhaireacht fógraíochta cruthaithí Chemistry, agus an ghníomhaireacht cheannacháin mheán cumarsáide, Carat, obair ardchaighdeán agus an-chuid brú ó thaobh ama orthu. Tá buíochas ar leith tuillte ag an Uas. Fintan Cooney ó Chemistry agus ag an Uas. Liam McDonnell ó Carat faoi mar atá tuillte ag na foirne a oibríonn leo.

Chabhraigh scileanna Ita Mangan, Uas. ó thaobh raon leathan faisnéise a dhréachtú, go mór leis an bhfeachtas. Tá an Coimisiún buíoch dá chomhairleoir dlí, an tUas. Peter Law ó A&L Goodbody freisin, agus don Abhcóide Sinsearach, an tUas. Brian Murray agus do Sarah Fennell, Uas. BL.

Tá an Coimisiún i gcomaoin go mór ag a rúnaíocht, a sholáthair an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, as a gcuid oibre ó thaobh a bheith ag cabhrú leis le linn feachtais fhaisnéise poiblí a raibh an-chuid brú i gceist leis. Gan a gcuid cúnamh agus eolais, ní fhéadfadh an Coimisiún a chuid feidhmeanna a fheidhmiú. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo uile, agus go háirithe le David Waddell. Sholáthair Oifig an Ombudsman áiseanna riachtanacha eile don Choimisiún agus rannchuidigh go leor d'fhoireann na hOifige sin lena chuid oibre. Tá an Coimisiún buíoch de Bernie McNally, Uas., Ard-Stiúrthóir, Oifig an Ombudsman, as an gcúnamh sin.

## Caibidil 6. Conclúidí agus Moltaí

Is iad na trí phríomhfheidhmeanna atá ag an gCoimisiún ábhar thogra an reifrinn a mhíniú agus an míniú a chur in iúl do gach saoránach atá i dteideal vótála, chun feachtas ar an reifreann a chur chun cinn agus daoine a spreagadh chun vótáil. Tá an Coimisiún tar éis measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí is a chomhlíon sé na feidhmeanna sin le linn an Reifrinn Leanaí, go háirithe agus muid ag cuimhneamh ar an méid ama a bhí ar fáil dó, ar líon na vótálaithe a tháinig amach – 33.5% – a bheith ina údar díomá agus ar a thorthaí taighde.

Is é an chonclúid ar ar tháinig an Coimisiún gur éirigh leis, lena fheachtas fograíochta, feachtas daoine ar an Reifreann a mhéadú agus teachtaireacht a chur in iúl maidir le tábhacht na vótála sa reifreann. Níor tháinig daoine amach le vótáil dá thoradh sin áfach. In aineoinn a leabhráin threoraigh agus a fheachtais faisnéise, a dtagraítear dó sa chéad alt eile, measann an Coimisiún nach féidir glacadh le leibhéal tuisciana an phobail ar an togra, faoi mar a léirítear le torthaí an taighde, ach oiread. Is léir ó thorthaí an taighde go bhfuil baint idir an dá rud seo agus dá gcuirfí ar chumas Coimisiúin Reifrinn amach anseo tuiscint an phobail ar thogra reifrinn a fheabhsú, go bhféadfadh sé sin a bheith ina chuid lárnach de phróiseas le líon na vótálaithe a thiocthaidh amach le vótáil a mhéadú.

D'ullmhaigh an Coimisiún a bhí i réim don Reifreann Leanaí leabhrán treorach le míniú ar ábhar an togra, agus creideann an Coimisiún go raibh an leabhrán treorach sin soiléir, neamhchlaonta agus neodrach. Féachadh leis le míniú soiléir a thabhairt gan é a bheith rófhada, rud a chuirfeadh daoine ó bheith á léamh. Bíonn sé seo ina thasc iontach deacair mar gheall ar éagsúlacht an eolais a bheadh ag daoine roimh ré, na leibhéil éagsúla tuisciana a bhíonn ag daoine agus an méid lena mbíonn saoránaigh ar a ndírítear an leabhrán ag súil. D'éirigh leis an gCoimisiún an tasc seo a chomhlíonadh agus srianta suntasacha i gceist ó thaobh cúrsaí ama. Ní dhearnadh cáineadh ar ábhar an leabhráin threoraigh i rith an fheachtais agus ba dhearfach an chaint a rinneadh ina leith i roinnt de na breithiúnais chúirte sa dúshlán a tugadh in aghaidh leabhrán treorach an Rialtais, ach dá aineoinn sin, tugann na torthaí taighde le fios nach bhfuair ach 48% de vótálaithe go raibh an leabhrán treorach an-chabhrach nó cuíosach cabhrach. Ní figiúr sásúil é sin dar leis an gCoimisiún.

Tá an Coimisiún daingean ina thuairim go mbíonn níos mó ama ag teastáil, ná mar a tugadh don Choimisiún

seo, le míniú ar ábhar thogra Reifrinn a ullmhú agus a chur isteach ina chuid de leabhrán treorach a mheasfadh líon níos mó de shaoránaigh a bheith cabhrach. Rud eile a bhaineann leis sin is ea an gá le feachtas faisnéise a dhearadh agus a phleanáil a chuirfidh míniú ar an togra in iúl go héifeachtach do gach saoránach atá i dteideal vótála, agus a shroichfidh go háirithe iad siúd nach mbeadh sé d'inspreagadh acu féin an fhaisnéis a lorg nó fiú an leabhrán treorach a dhálfear a léamh.

Tá sé de cheart ag saoránaigh míniú soiléir, neamhchlaonta a fháil ar ábhar togra reifrinn sula n-iarrfar orthu vótáil ina leith. Tá sé bunriachtanach mar sin, dar leis an gCoimisiún, go dtabharfar tréimhse ama níos faide d'aon Choimisiún amach anseo sula gcuirfear tús le feachtas an reifrinn i gceart lena mhíniú ar ábhar thogra an reifrinn a ullmhú agus a straitéis leis an bhfaisnéis a chur in iúl do mhuintir na tíre a dhearadh agus a phleanáil.

Tá sé molta ag Coimisiúin roimhe seo go mbeadh stádas buan ag an gcoimisiún reifrinn ó thaobh an dlí de agus tacaíonn an Coimisiún seo leis an moladh sin. Thabharfadh a leithéid leanúnachas don choimisiún agus d'fhéadfadh sé cur ar a chumas ullmhú agus phleanáil a dhéanamh níos luaithe. Aithníonn an Coimisiún, áfach, gur ghá reachtaíocht a athrú leis an moladh sin a chur i ngníomh agus tuigeann sé go bhfuil reifreann amháin nó níos mó beartaithe níos déanaí i mbliana, agus roimh aon athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an reachtaíocht is dócha.

Tá Coimisiúin roimhe seo tar éis moladh a dhéanamh freisin go ndéanfaí athbhreithniú ar an bpróiseas reifrinn lena chinntiú go mbeidh sé de réir caighdeán idirnáisiúnta amhail an European Commission for Democracy through Law (Venice Commission) Cód Dea-chleachtas maidir le Reifrinn (Márta 2007). Aontaíonn an Coimisiún seo leis na Coimisiúin eile sin freisin.

Measann an Coimisiún go bhfuil athrú simplí amháin ann a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an bpróiseas le haghaidh reifreann amach anseo laistigh den chreat reachtaíochta reatha, a bhreiseodh go mór, dar leis, an cumas a bheadh ag coimisiún reifrinn míniú ar an togra reifrinn a ullmhú agus a chur in iúl go héifeachtach ar bhealach a d'fhágfadh gur dócha go bhfeabhsófaí tuiscint an phobail air agus leis sin, a dhéanfadh méadú ar líon na vótálaithe a thiocthaidh amach, bheadh súil againn.



An t-athrú atáimid ag moladh is ea go méadófaí an méid ama le breithniú a dhéanamh ar an mBille a bheidh os comhair Thithe an Oireachtais leis an mBunrecht a leasú, sa chaoi go mbeadh tréimhse ceithre seachtaine ar a laghad i gceist agus le linn na tréimhse sin, go mbreiseofaí an díospóireacht phoiblí trí éisteacht réamh-reachtaíochta ag an gcoiste cuí den Oireachtas agus go reáchtáfaí Céim an Choiste den Bhille mar sheisiún iomlánach neamhiata sa Dáil. Bheadh an tairbhe dúbailte seo a leanas ag baint le hathrú dá leithéid.

Ar dtús, dá mbunódh an tAire an Coimisiún Reifrinn nuair a thionscnofaí an Bille, bheadh ceithre seachtaine ar a laghad aige lena bhféadfadh sé a mhíniú ar ábhar thogra an reifrinn a ullmhú agus lena fheachtas a cheapadh agus a phleanáil chun an míniú sin a chur in iúl don phobal sula gcuirfí tús ceart leis an bhfeachtas tar éis don Bhille a bheith rite. Is é comhairle an Choimisiúin, go mbeadh idir dhá agus trí mhí nórmálta le feachtas faisnéise dá leithéid a phleanáil. Aithníonn an Coimisiún áfach go mb'fhéidir nach mbeadh tréimhse ama dá leithéid indéanta ach tá sé daingean ina thuairim gurb é ceithre seachtaine an tréimhse is giorra a theastaíonn. Ní raibh ach dhá sheachtain ag an gCoimisiún don obair seo don Reifreann Leanaí agus creideann sé go mb'fhéidir go raibh a fheachtas faisnéise thíos leis de bharr srianta ama.

An dara tairbhe is ea dá mbeadh díospóireacht bhreisithe le bheith ann le linn don Bhille leis an mBunrecht a leasú a bheith ag dul trí Thithe an Oireachtais, ba cheart go soiléireofaí saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht anuas le linn an fheachtais reifrinn freisin a bhféadfadh an Coimisiún Reifrinn aghaidh a thabhairt orthu agus é ag míniú ábhar

thogra an reifrinn. Tairbhe eile a d'fhéadfadh a bheith ag baint le díospóireacht bhreisithe dá leithéid, lena n-áirítear éisteachtaí ag coistí Oireachtais, is ea go mb'fhéidir go méadófaí feachtas an phobail ar na saincheisteanna a bhaineann leis an togra reifrinn díreach sula gcuirfear tús leis an bhfeachtas reifrinn i ndáiríre.

Moltar tréimhse an cheithre seachtaine ar a laghad os comhair an Oireachtais agus muid ag glacadh leis gur thart faoi sé seachtaine ar a laghad a bheadh i gceist le tréimhse an fhíorfheachtais reifrinn fós. Bíonn sé sin ag teastáil go mbeifí in ann leabhrán treorach a phriontáil agus a dháileadh sa chaoi go mbeadh sé ag daoine trí seachtaine ar a laghad roimh lá na vótaíochta.

Ó thaobh saincheist eile ar leithligh, tá an Coimisiún tar éis teacht ar an gconclúid go bhfuil fianaise ann sna torthaí taighde go mbíonn roinnt mearbhaill ar vótálaithe toisc go scaiptear dhá leabhrán threoracha oifigiúla i rith fheachtas an Reifrinn. Tá seans ann freisin go mb'fhéidir go gcuireann an t-ualach a bhaineann le dhá leabhrán threoracha a léamh vótálaithe ó bheith ag léamh ceann amháin fiú. Is deacair seasamh leis an gcostas a bhaineann le dhá leabhrán threoracha a dháileadh. I gcás go gceapfar coimisiún reifrinn, ba cheart go gceadófaí dó a fheidhmeanna reachtúla a fheidhmiú ó thaobh a bheith ag míniú thogra an reifrinn ar bhealach neamhchlaonta neodrach gan an mearbhall a d'fhéadfadh a bheith i gceist má bhíonn an dara feachtas faisnéise ann a mhaoineítear as airgead poiblí. Mar atá ráite cheana féin áfach, bíonn níos mó am ullmhúcháin de dhíth ar choimisiún – ceithre seachtaine ar a laghad roimh thús an fheachtais reifrinn – leis seo a dhéanamh go héifeachtach.



Molann an Coimisiún Reifrinn an méid seo a leanas mar athruithe láithreacha a chiallódh nach mbeadh reachtaíocht i gceist:

- Go dtabharfar tréimhse ceithre seachtaine ar a laghad do choimisiún reifrinn ón uair a bhunófar é sula rithfear an Bille, nó sula socrófar lá na vótaíochta, agus tús an fheachtais reifrinn i ndáiríre le gach feachtas a phleanáil agus a dhearadh i gceart, agus go háirithe leis an leabhrán teorach faisnéise a ullmhú. D'fhéadfaí seo a bhaint amach gan athrú a dhéanamh ar an reachtaíocht, trí mhéadú a dhéanamh ar an méid ama a bhíonn ann le breithniú a dhéanamh ar an mBille leis an mBunreacht a athrú agus é os comhair Thithe an Oireachtais, go tréimhse ceithre seachtaine ar a laghad.
- Go gcuirfidh Tithe an Oireachtais ar a gclár ama, am le breithniú a dhéanamh ar Bhille leis an mBunreacht a leasú, a bheadh sách fada go mbeadh Coiste cuí de chuid an Oireachtais in ann éisteacht réamh-reachtaíochta a réachtáil agus go réachtálfar Céim an Choiste den Bhille i seisiún iomlánach neamhiata sa Dáil, don chúspóir dúbailte seo: go méadófaí feachtas an phobail ar na saincheisteanna díreach sula gcuirfear tús leis an bhfeachtas reifrinn agus go dtabharfar am ullmhúcháin don Choimisiún Reifrinn.
- Gurb é an Coimisiún Reifrinn amháin a tháirgfidh leabhrán teorach faisnéise Stát-mhaoinithe i rith thréimhse an fheachtais.

Molann an Coimisiún Reifrinn go gcuimhneofaí ar athrú a dhéanamh ar an reachtaíocht go dtabharfaí an méid seo a leanas i bhfeidhm:

- Go ndeonófaí buanstádas ó thaobh an dlí de don Choimisiún Reifrinn.
- Go mbeidh an próiseas reifrinn ag teacht le caighdeán idirnáisiúnta a bhfuil glacadh leo.

**Mary Finlay Geoghegan, Uas.,** Cathaoirleach

**An tUasal Kieran Coughlan,** Cléireach Dháil Éireann

**Deirdre Lane, Uas.,** Cléireach Sheanad Éireann

**Emily O'Reilly, Uas.,** Ombudsman

**An tUasal Séamus McCarthy,**  
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste







**TUARASCÁIL  
AN CHOIMISIÚIN  
REIFRINN**

**Tuarascáil faoin Reifreann  
ar an mBille um an 31ú Leasú  
ar an mBunreacht (Leanaí) 2012**

